Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2024
(OR. en)

10355/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0016(NLE)

RECH 252
COMPET 594
IND 284
TELECOM 194

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1173 a mhéid a bhaineann le tionscnamh EuroHPC le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta chun borradh a chur faoi cheannaireacht na hEorpa san Intleacht Shaorga iontaofa<br>- *Glacadh* |

1. An 25 Eanáir 2024, tharchuir an Coimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1173 a mhéid a bhaineann le tionscnamh EuroHPC le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta chun borradh a chur faoi cheannaireacht na hEorpa san Intleacht Shaorga iontaofa[1].

2. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 20 Márta 2024[2].

3. Cheap Parlaimint na hEorpa Maria Graça CARVALHO (EPP, PT) mar rapóirtéir agus ghlac sí a tuarascáil ag seisiún iomlánach an 22–25 Aibreán 2024 le 525 vóta ina fabhar, 32 vóta ina coinne, agus 21 duine ag staonadh ón vótáil.

4. An 23 Bealtaine 2024, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán leasaitheach ón gComhairle atá beartaithe[3].

[1] 5836/1/24/REV 1
[2] 8361/24
[3] 9700/24

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a mholadh don Chomhairle an Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1173 a mhéid a bhaineann le tionscnamh EuroHPC le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta chun borradh a chur faoi cheannaireacht na hEorpa san Intleacht Shaorga iontaofa, mar a leagtar amach in 10109/24 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ag an gComhairle amach anseo.